# Foirm Chlárúcháin

**Fógra Príobháideachais**
Úsáidfear do chuid sonraí chun rannpháirtíocht i scéim Páirceáil agus Siúl a chlárú agus roinnfear iad le scoil do pháiste chun Greamáin Páirceáil agus Siúl a eisiúint. Pléifidh Comhairle Contae Mhaigh Eo le do chuid sonraí i gcomhréir lenár mbeartas príobháideachais agus leis an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Le do thoil, úsáid **CEANNLITREACHA** chun an fhoirm seo a chomhlánú:

Ainm na scoile:_______________________________________

Seoladh na Scoile: ___________________________________

______________________________________________________

Uimhir Chlárúcháin do Chairr: _________________________

Uimhir bhreise chlarúcháin (má tá níos mó ná tuismitheoir nó caomhnóir amháin ag glacadh páirte sa scéim):

______________________________________________________

Ainm an Tuismitheora nó Caomhnóra: ______________

______________________________________________________

Seoladh ríomhphoist an Tuismitheora nó Caomhnóra:

______________________________________________________

Uimhir Theagmhála an Tuismitheora nó Caomhnóra:

______________________________________________________

Beidh feithicil ar bith a pháirceálfar taobh amuigh d'amanna Páirceáil agus Siúl faoi réir Téarmaí agus Coinníollacha an charrchlóis lena mbaineann. Aontaíonn na rannpháirtithe uile páirceáil go dleathach, agus gan bacanna a chur sa bhealach ar chosaithe ná ar úsaideoirí eile bóithre.

Aontaím le Téarmaí agus Coinníolacha scéim Páirceáil agus Siúl atá léite agam sa bhileog seo.

______________________________ ______________
Síniú Tuismitheora nó Caomhnóra Dáta

______________________________ ______________
Síniú Tuismitheora nó Caomhnóra Dáta
eile má tá greamán eile ag teastáil

# Páirt a ghlacadh

Tá fáilte roimh na scoileanna uile i gCaisleán an Bharraigh páirt a ghlacadh in Páirceáil agus Siúl. Ba cheart do thuismitheoirí nó do chaomhnóirí an fhoirm chlárúcháin a chomhlánú agus a sheoladh chuig Comhairle Contae Mhaigh Eo:

**Tríd an bpost chuig:** Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh, Comhairle Contae Mhaigh Eo, Áras an Chontae, Caisleán an Bharraigh, Co. Mhaigh Eo F23 WF90
nó
**Ar ríomhphost:** Scan agus seol an fhoirm chuig castlebarao@mayococo.ie

Is í an scoil a thabharfaidh an Greamán Bliantúil Ceada Páirceála do tuismitheoirí agus do chaomhnóirí. Bíodh an Greamán Páirceála ar taispeáint agat taobh thiar de scáth gaoithe do chairr agus tú páirceáilte sna carrchlóis rannpháirteacha. Ní féidir do Ghreamáin Pháirceála a thabhairt do thiománaithe eile. Má tá níos mó ná caomhnóir amháin chun páirt a ghlacadh sa scéim, déan iarratas ar ghreamán eile le do thoil.

# An féidir liom Páirceáil agus Siúl mura bhfuil scoil mo pháiste ag glacadh páirte sa scéim?

Is féidir. Seol an fhoirm chlárúcháin chugainn in éineacht le litir ina sonraítear an scoil ina bhfuil do pháiste. Bíodh stampa oifigiúil na scoile uirthi.
Seolfaidh Comhairle Contae Mhaigh Eo an fhoirm díreach chugat. Le do thoil, sonraigh do sheoladh poist i ngach cumarsáid linn.

## Páirceáil agus Siúl
## Téarmaí agus Coinníollacha

**Amanna Sainnithe Páirceála sna Carrchlóis Rannpháirteacha:**

**Ar maidin:** 8.00 am go 9.30am (uair an chloig ar a mhéad)
**Iarnóin:** 1.00pm go 4.30pm (uair an chloig ar a mhéad)

Ní bhíonn Páirceáil agus Siúl ar fáil ach ó Luan go hAoine le linn an téarma scoile.

- Is gá an greamán páirceála a bheith le feiceáil go soiléir taobh thiar de scáth gaoithe do chairr.
- Ní féidir an greamán a úsáid ar charranna eile. Is gá duit iarratas a dhéanamh ar ghreamán breise má tá caomhnóir eile chun páirt a ghlacadh in Páirceáil agus Siúl.
- Tugtar tosaíocht pháirceála dóibh siúd is túisce a bhíonn ar an láthair.
- Is gá íoc as páirceáil lasmuigh de na hamanna sainluaite.
- I gcás carranna a pháirceálann taobh amuigh d'amanna Páirceáil agus Siúl, gearrfar muirir nó fíneálacha orthu mura bhfuil ticéad íoctha ar taispeáint acu i gcarrchlóis de chuid na Comhairle Contae.
- Le do thoil, páirceáil go sábháilte agus fág spás do pháistí dul isteach agus amach as carranna.
- Is do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí atá ag glacadh páirte in Páirceáil agus Siúl iad na greamáin pháirceála, agus dóibh siúd amháin. Ní féidir na greamáin a úsáid ar aon chúis eile.
- Eiseofar greamáin nua pháirceála ag tús gach scoilbhliana — is gá an cead reatha a léiriú ar an ngreamán páirceála atá in úsáid.

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council




# BILEOG EOLAIS

Green-Schools
An Taisce

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority



## Céard é Páirceáil agus Siúl?

Is é atá i gceist le le Páirceáil agus Siúl go bhfágfaidh tú do charr i gcarrchlós atá 10 nóiméad de shiúl na gcos ó gheataí na scoile, agus go siúlfaidh sibh uaidh sin ar scoil. Is ionann sin agus 15–20 nóiméad aclaíochta gach lá – cuid mhaith den 30 nóiméad aclaíochta a mholtar do dhaoine fásta a dhéanamh. Tá Comhairle Contae Mhaigh Eo ag obair i gcomhar le scoileanna agus le gnólachtaí áitiúla i gCaisléan an Bharraigh chun do thacaíocht a fháil don scéim seo.

10 nóim.

## Cén fáth ar cheart dom Páirceáil agus Siúl?

Tá sé tábhachtach a bheith ag déanamh aclaíochta go rialta ó aois óg chun dea-shláinte fhisiciúil agus intinne a chothú. Is féidir an nós sin a thosú agus sibh ag taisteal chun na scoile, fiú más gá daoibh an carr a úsáid. Deis atá ann a bheith amuigh faoin aer leis na daoine is ansa leat, agus píosa beag aclaíochta a dhéanamh chomh maith!

**Is fearr a dhíríonn páistí a n-aird sa seomra ranga má bhíonn said gníomhach ar an mbealach chun na scoile.**

**Is é dáinséar tráchta an chúis is mó a bhíonn ag tuismitheoirí gan ligean do pháistí dul ar scoil de shiúl na gcos nó ar rothar. Nach aisteach an scéal é mar sin, go gcuireann muide leis an trácht sin nuair a thiomáineann muid ar scoil, agus gur mó dáinsear a bhíonn ann do pháistí dá dheasca.**

Déanann Páirceáil agus Siúl maitheas don mhórphobal scoile chomh maith. Dá laghad tráchta atá taobh amuigh den scoil, is lú baint a bhíonn ag páistí le carranna agus iad ag trasnú an bhóthair; is lú truailliú agus astaíochtaí a chuireann carranna amach; agus is fusa dul isteach sa scoil, go háirithe do dhaoine ar gá dóibh páirceáil in aice léi ar chúiseanna sláinte nó doghluaiseachta.

## Cén áit ar féidir liom páirceáil?

Tá Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh ag tacú le Páirceáil agus Siúl agus é ag ligean do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí carrchlóis an cheantair a úsáid saor in aisce ar feadh achar gairid, nuair a bhíonn siad ag siúl ar scoil le páistí.

## CAISLEÁN AN BHARRAIGH




1 Campas Sóisir Bhunscoil Chaisleán an Bharraigh
2 Ag Foghlaim le Chéile Chaisleán an Bharraigh
3 Campas Sinsir Bhunscoil Chaisleán an Bharraigh
4 Gaelscoil Raifteirí
5 Meánscoil Íosaf
6 Coláiste Dhaibhéid
7 Coláiste Ghearóid Naofa
8 Scoil Náisiúnta Naomh Bríd
9 Scoil Naomh Antaine

A Carrchlós Shráid an Chaisleáin
B Carrchlós Chearnóg an Mhargaidh
C Carrchlós Bhóthar Pavilion
D Carrchlós Pháirc an Bhaile
E Carrchlós Shráid Spencer



Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoi scoileanna agus carrchlóis rannpháirteacha ag **www.mayo.ie**

Is féidir leat páirt a ghlacadh fiú mura bhfuil do scoil luaite anseo (tuilleadh eolais ar an taobh eile den bhileog).

## Foirm Chlárúcháin (leathanach 2) – Eolas Breise

Beidh muid an-bhuíoch díot más féidir leat tuilleadh eolais a thabhairt dúinn faoin gcaoi a dtéann sibh ar scoil. Le do thoil bíodh an chuid seo san áireamh agat agus an fhoirm á scanadh agat!

| | |
|---|---|
| Cén fhad atá scoil an pháiste uait? Má tá do pháistí ag freastal ar níos mó ná scoil amháin, sonraigh an t-achar a chuir tú ar an bhfoirm chlárúcháin seo. | Níos lú ná 1km<br>1-3km<br>3-5km<br>6-10km<br>Níos mó ná 10km |
| Maidir leis an duine a fhágann an páiste ar scoil, cá mbíonn an duine sin ag dul ina dhiaidh sin? Roghnaigh freagra amháin le do thoil. | Abhaile<br>Ar obair<br>Naíolann/Naíonra/ Feighlí Linbh<br>Scoil eile<br>Ag siopadóireacht<br>Áit éigin eile |
| An mbeifeá i bhfabhar srianta ar charranna i gceantar na scoile ionas go mbeadh an bealach isteach chun na scoile níos sábháilte agus go mbeadh níos lú tráchta timpeall ar na páistí? | Bheadh<br>Ní bheadh<br>Níl a fhios agam |


**Má ta tuilleadh eolais uait, déan teagmháil le**
Páirceáil agus Siúl,
Ceantar Bardasach Chaisleán an Bharraigh,
Comhairle Contae Mhaigh Eo,
Áras an Chontae,
Caisleán an Bharraigh,
Contae Mhaigh Eo.

**Teileafón:** 094 90 64000
**Ríomhphost:** castlebarao@mayococo.ie
**Suíomh gréasáin:** www.mayo.ie